



**An Roinn Gnó,  
Fiontar agus Nuálaíochta**  
Department of Business,  
Enterprise and Innovation

## **Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise**

**Arna hUllmhú faoi Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014**

## **Réamhrá**

Éilíonn Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 ar chomhlachtaí um shaoráil faisnéise scéim a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le faisnéis an chomhlachta a fhoilsiú i gcomhréir le samhail den scéim foilseacháin agus na treoirlínte arna ndéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Dheireadh Fómhair 2014. Leis an gcur chuige sin bítear in ann taifid lasmuigh de Shaoráil Faisnéise a fhoilsiú nó a thabhairt ar an gcoinníoll nach bhfuil toirmeasc ar fhoilsiú den sórt sin nó ar rochtain a thabhairt de réir dlí. Ina theannta sin, éilítear ar gach comhlacht um Shaoráil Faisnéise an oiread faisnéise agus is féidir a fhoilsiú ar bhealach oscailte agus inrochtana ar bhonn rialta lasmuigh de Shaoráil Faisnéise, ag féachaint do phrionsabail na hoscailteachta, trédhearcachta agus cuntasachta mar atá leagtha síos in Alt 8(5) agus 11(3) den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus ag féachaint don Chód Iompair a dréachtaíodh i gcomhréir le hAlt 48 den Acht sin.

## **Scéim Foilseacháin arna hullmhú ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta**

Tá a Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise ullmhaithe ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta i gcomhréir leis an tsamhail de scéim foilseacháin agus na treoirlínte arna ndéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireann an scéim seo tiomantas ar an Roinn faisnéis a chur ar fáil mar chuid dá gnáth-gníomhaíochtaí gnó. Tá foilsiú doiciméad nach bhfuil díolmhaithe faoin Scéim i gcomhréir le sprioc na Treorach maidir le hAthúsáid Fhaisnéis na hEarnála Poiblí, agus na hoibleagáide faoin Treoir sin faisnéis a fhoilsiú agus a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis sin inrochtana agus inathúsáide chun críocha tráchtála agus neamhtráchtála.

Agus an scéim á hullmhú, bhí aird ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar leas an phobail

- a) gur cheadaigh sí rochtain phoiblí ar fhaisnéis arna sealbhú ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
- b) gur foilsíodh cúiseanna na gcinntí arna ndéanamh ag an An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta
- c) gur foilsíodh faisnéis iomchuí nó leasa don phobal i gcoitinne maidir le gníomhaíochtaí agus feidhmeanna na Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta tríd is tríd.

## **Formáid an Fhoilseacháin**

Tá an fhaisnéis sa Scéim grúpáilte le chéile sna sé aicme atá liostaithe sa tsamhail den scéim foilseacháin agus na treoirlínte arna ndéanamh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is iad na sé aicme sin:

Faisnéis maidir leis an gComhlacht FOI	Seirbhísí a chuirtear ar fáil no a chuirfear ar fáil don Phobail	An Próiseas Cinnteoireacht le haghaidh Mórtograí beartais
Faisnéis Airgeadais	Soláthar	Faisnéis eile a bheidh le Foilsiú go Rialta

Mar aon leis an scéim a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne, foráiltear in Alt 8(6) den Acht FOI gur cheart leagan clóite den bhunscéim a bheith ar fáil ag Ceannoifig na Roinne ionas go mbeidh ball den phobal in ann amharc air i rith gnáthuaireanta oifige. I gcás inar mian le duine as an bpobal amharc ar an leagan clóite den bhunscéim, is féidir leis/léi dul i dteagmháil le hAonad FOI na Roinne ar (01) 6312375 nó ag [foiunit@dbei.gov.ie](mailto:foiunit@dbei.gov.ie) chun coinne a shocrú dá réir sin.

## **A Faisnéis maidir leis an gComhlacht FOI**

### **Cé muid féin agus cad a dhéanaimid**

#### **Faisnéis faoin eagraíocht, struchtúir, áiteanna agus teagmhálacha**

#### ***Faisnéis a bheidh sa Scéim Foiliseacháin***

### **Ról, freagrachtaí agus feidhmeanna**

Tá ról lárnach ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta i mbeartais an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le hinniúlacht táirgeachta an gheilleagair a spreagadh agus timpeallacht a chruthú ina dtacaítear le cruthú post. Tá sainchúram beartais ar an Roinn freisin d'fhonn iomaíocht chothrom a chinntiú, chun tomhaltóirí a chosaint agus chun cosaint a thabhairt d'oibrithe. Trína cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí, cumhdaíonn sainchúram na Roinne raon leathan gníomhaíochta lena n-áirítear:

- tosú agus fás fiontar dúchasach a éascú,
- infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh,
- onnmhairí a mhéadú,
- iomaíochas a fheabhsú,

- nuálaíocht agus fás a chur chun cinn tríd infheistíocht i dtaighde agus forbairt,
- iomaíocht chothrom a chur chun cinn do ghnóthaí agus do thomhaltóirí,
- dlí cuideachtaí a chomhlíonadh,
- cearta oibrithe a chosaint, lena n-áirítear a dteidlíocht ar sábháilteacht agus sláinte cheirde,
- timpeallacht dhearfach um chaidreamh tionsclaíoch a éascú,
- beartas ar bhonn fianaise a dhéanamh, á threorú ag taighde, anailís agus ag cultúr láidir meastóireachta,
- riachtanais scileanna fiontar amach anseo a aithint (an tairiscint táirgí a fheabhsú chun infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh, infheistíocht a éascú agus cruthú post ag gnóthaí dúchasacha agus iomaíochas, nuálaíocht agus táirgiúlacht na hÉireann a fheabhsú), agus
- ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na hÉireann i bhfóirne AE agus i bhfóirne ábhartha eile thar lear.

### **Cur síos ginearálta ar aicmí na dtaifead atá i seilbh na Roinne**

Tá sé riachtanach taifid iomlána agus chruinne a chruthú agus a chothabháil chun cur ar chumas na Roinne a gnó a dhéanamh go héifeachtach agus a hoibleagáidí reachtúla

a chomhlíonadh faoin [Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014](#), faoi [Acht um Chosaint Sonraí 2018](#) agus faoin [Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986](#). Dá réir sin, déantar taifid atá i seilbh na Roinne, a ndéantar a mbunáite a chomhdú ar chomhaid chruachóipe, a chruthú nó a fháil i rith ghnáthchúrsa gnó na Roinne agus tá faisnéis oifigiúil nó sonraí iontu a bhaineann go díreach le gnó na Roinne. I measc shamplaí de thaifid den sórt sin tá siad seo:

- Taifid a bhaineann le bunúis, struchtúr, feidhmeanna, nósanna imeachta, gnó agus idirbhearta na Roinne
- Cláir oibre agus miontuairiscí ó chruinnithe.
- Nótaí de chomhráite teileafóin tábhachtacha.
- Taifid inar lorgáidh cead chun gníomhú nó cead maidir le cinneadh.
- Taifid inar taispeánadh an chúis nár glacadh gníomh nó cinneadh áirithe.
- Páipéir seasaimh.
- Meabhráin arna scaipeadh i gcomhair barúla nó formheasa ó Airí, Ranna nó an Rialtas.

### **Socrúithe rialachais/bainistíochta**

#### **Ról an Aire**

Tagraíonn Airteagal 28.12 den Bhunreacht d’Airí mar dhaoine atá “i gceannas” Ranna Stáit. Foráiltear in Airteagal 28.4.2 den Bhunreacht I gcomhúdarás a thiocfaidh an Rialtas le chéile agus a ghníomhóid, agus táid go léir le chéile freagrach sna Ranna Stáit a riartar ag comhaltaí an Rialtais.

Foráiltear san Acht Airí agus Rúnaithe 1924, arna leasú ag an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, go mbeidh gach Aire ina cheannaire freagrach ar an Roinn nó Ranna faoina cheannas agus “go mbeidh gach Aire den tsórt san ina cheann fhreagarthach ar an Roinn nó ar na Ranna a bheidh fé n-a chúram agus go mbeidh sí

freagarthach uaidh féin do Dháil Éireann amháin i riar na Roinne nó na Rann ar a mbeidh sé ina cheann". Ainmnítear san Acht sin freisin Aire mar aonair corparáide, is é sin aonán dlíthiúil buan scartha amach ón sealbhóir oifige aonair.

Foráiltear san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 go mbeidh an tAire Rialtais a bhfuil ceannas aige nó aici ar Roinn, de réir an Achta Airí agus Rúnaithe, 1924 go 2011, freagrach as feidhmiú na bhfeidhmeanna atá sannta don Roinn de bhun aon cheann de na hAchtanna sin. Síneann an fhreagracht sin, gné lárnach de struchtúr Rialtais, ó mhór-chinnteoireacht pholaitiúil ar mhórsaincheisteanna beartais go dtí gnáth-fhreagrachtaí riaracháin arna gcomhlíonadh ag státseirbhísigh thar ceann an Aire.

I measc ról an [tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta](#) faoi láthair tá siad seo a leanas

- An fhiontraíocht a chur chun cinn ar fud an Rialtais d'fhonn cruthú lánfhostaíochta inbhuanaithe ar ardchaighdeán a spreagadh,
- Tacú le bonn fiontraíochta iomaíoch,
- Timpeallacht íseal chánach a chur chun cinn d'fhonn obair agus fiontraíocht a dhreasú,
- Margaí cothroma agus iomaíocha a chur chun cinn,
- Nuálaíocht a chur chun cinn, agus,
- A chinntiú go bhfuil cearta fostaíochta iomchuí agus go dtugtar urraim dóibh.

### **Ról an Ard-Rúnaí**

Is í an [tArd-Rúnaí](#) ceann na Roinne Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Is í Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne freisin. Is í an tArd-Rúnaí príomhchomhairleoir an Aire maidir le beartais. Sa chumas sin tá sí freagrach as comhairle neamhspleách a thabhairt d'Airí agus d'Airí Stáit ar raon leathan saincheisteanna a bhaineann leis an Roinn.

Tugann Alt 4(1) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 cumhacht don Ard-Rúnaí freagracht a shannadh d'oifigigh eile na Roinne (nó grád nó gráid

oifigeach) maidir le feidhmiú a chuid feidhmeanna. Tá an Roinn eagraithe i [6 Rannán](#) faoi láthair, agus roinnt Oifigí faoi leith, a léiríonn tríd is tríd

aonaid feidhme ar leith ach bíonn comhoibriú agus idirghníomhú substaintiúil idir Rannáin freisin. Tá Rúnaí Cúnta i mbun gach Rannáin.

### **Ról an Bhoird Bainistíochta**

I gcomhthéacs na fise agus an mhisin atá leagtha amach i [Ráiteas Straitéise na Roinne](#), is comhlacht coláisteach é Bord Bainistíochta na Roinne a bunaíodh chun a chinntiú go ndéantar an Roinn a bhainistiú mar aonán corparáideach, agus go nglactar cinntí maidir le príomhcheisteanna beartais, straitéiseacha agus bainistíochta ar bhonn comhchoiteann sula gcuirtear isteach iad de réir mar is cuí, lena mbreithniú ar leibhéal polaitiúil nó lena gcur i bhfeidhm ar shlí eile.

Cuimsítear ar an mBord Bainistíochta an tArd-Rúnaí, gach Rúnaí Cúnta, Ceann an Aonaid Tacaíochta Bainistíochta agus daoine eile den sórt sin, ó laistigh den Roinn nó lasmuigh de de réir mar a aontaíonn an Bord ó am go ham.

Is í an tArd-Rúnaí cathaoirleach an Bhoird agus nuair a bhíonn sise as láthair, bíonn aon bhall eile mar chathaoirleach, á n-ainmniú ag an Ard-Rúnaí.

I gcás nach féidir formhuiniú/comhaontú d'aon toil an Bhoird a fháil is é lánrogha an Ard-Rúnaí fós aon ábhar atá le cur i bhfeidhm a chur ar aghaidh nó aon bhreithniú polaitiúil mar is iomchuí agus na srianta nótaílte go cuí.

Ní thagann ról an Bhoird Bainistíochta in ionad freagrachtaí a chuid ball aonair, á sannadh do na baill sin, faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, ach ba cheart go dtacódís le bainistíocht éifeachtach foriomlán na Roinne.

Foilseofar miontuairiscí chruinnithe an Bhoird Bainistíochta ar shuíomh gréasáin na Roinne ar bhonn míosúil.

### **Creatlach Rialachais**

Tá an caidreamh idir an tAire agus an Roinn fíorthábhachtach do chreatlach rialachais na Roinne. Is é feidhm na Roinne comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Aire agus feidhm a thabhairt do chinntí agus do bheartais an Aire. Tá siad seo a leanas i measc na bpríomhchaidreamh leis an Aire:

- Tá an tArd-Rúnaí freagrach as comhairle beartais a thabhairt don Aire ar gach ábhar laistigh de sainchúram na Roinne agus as torthaí arna gcinneadh ag an Aire a sheachadadh;
- Tá Rúnaithe Cúnta freagrach as comhairle a thabhairt don Ard-Rúnaí agus don Aire maidir le treo straitéiseach, ar fhoirmlíú beartais agus ar chur i bhfeidhm ginearálta beartais iomchuí; agus
- Tá Príomhoifigigh freagrach as comhairle beartais a thabhairt do Rúnaithe Cúnta, don Ard-Rúnaí agus don Aire.

### **Pleananna agus Straitéisí Corparáideacha**

Faoi théarmaí Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, tá ceanglas reachtúil ar gach roinn agus oifig rialtais [Ráiteas Straitéise](#) a chur le chéile gach trí bliana, nó taobh istigh de shé mhí ó cheaptar aire nua. Tugann Ráiteas Straitéise na Roinne achoimre dár misean agus dár spriocanna straitéiseacha. Leagtar síos ann an comhthéacs reatha atá os comhair ár bpáirtithe leasmhara agus na Roinne, agus sonraítear ann na tiomantais atá á ndéanamh againn d'fhonn ár spriocanna straitéiseacha a sheachadadh.

## **Tuarascáil Bhliantúil**

I gcomhréir leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, gach bliain foilsíonn an Roinn [Tuarascáil Bhliantúil](#) ina sonraítear dul chun cinn i gcoinne cuspóirí agus tiomantais chomhaontaithe inár Ráiteas Straitéise. Is bealach atá sa tuarascáil chun súil a choinneáil ar ghníomhaíochtaí, ionas go mbeifear in ann measúnú a dhéanamh ar thionchar Ráiteas Straitéise na Roinne. Is deis é freisin chun aird a tharraingt ar saincheisteanna nua nó ar chúinsí athraithe agus dá bhrí sin, is gné thábhachtach í i bpróiseas cuntasachta na Roinne. Cuireann an tArd-Rúnaí an tuarascáil seo ar dhul chun cinn isteach chuig an Aire agus foilsítear í ar shuíomh gréasáin na Roinne.

## **An Eagraíocht agus Struchtúir Phá/Ghrádaithe**

Is é an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chomhaontaíonn [scálaí pá](#) agus [rátaí taistil agus cothabhála](#) gach státseirbhíseach.

Tugann [struchtúr](#) na Roinne línte tuairiscithe soiléire agus soiléireacht ar réimsí freagrachta. Tá an fhreagracht maidir le gach ceann de 6 Rannán na Roinne sannta ag leibhéal an Rúnaí Cúnta. Déantar freagracht ar leibhéal an Aonaid Ghnó a shannadh ag leibhéal an Phríomhoifigigh. Tá [cairt eagraíochta](#) ina dtaispeántar an fhoireann go léir laistigh de gach Rannán ag leibhéal an Phríomhoifigigh ar fáil freisin ina sonraítear [líon iomlán na foirne](#) sa Roinn ag gach grád agus foilsítear iad ar bhonn ráithiúil.

## **Áiteanna agus sonraí teagmhála na heagraíochta**

Tá an Roinn, a cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí lonnaithe i roinnt [foirgneamh agus oifigí](#) in Éirinn agus thar lear.

### **An tAcht um Shaoráil Faisnéise.**

- a) Ba cheart iarratais faoin Acht um [Shaoráil Faisnéise](#) a sheoladh i scríbhinn chuig an Aonad um Shaoráil Faisnéise, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 TD30 nó i ríomhphost chuig [foiunit@dbei.gov.ie](mailto:foiunit@dbei.gov.ie).

### **Rochtain ar fhaisnéis maidir leis an gComhshaol**

Is féidir iarratais ar [Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol](#) atá i seilbh na Roinne seo a dhéanamh i scríbhinn chuig Oifigeach um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol (Oifigeach RFC), An tAonad um Shaoráil Faisnéise, An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, 23 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 TD30 nó iad a chur isteach ar ríomhphost chuig [aie@dbei.gov.ie](mailto:aie@dbei.gov.ie).

### **Sonraí teagmhála chun Faisnéis a chur ar fáil do na Meáin**

Láimhseálann an [Preasoifig](#) fiosruithe ó na meáin. Tugann an oifig treoir don phobal freisin tríd na meáin, maidir le beartais, feidhmeanna agus gníomhaíochtaí na Roinne.

### **Sonraí teagmhála chun Faisnéis a chur ar fáil don Phobal**

Féadfaidh an pobal dul i dteagmháil leis an Roinn i roinnt dá cuid [foirgneamh agus oifigí](#).

### **Naisc chuig gníomhaireachtaí/comhlachtaí eile faoi sainchúram an chomhlachta FOI**

Faigheann an Roinn cúnamh lena clár a sheachadadh ó roinnt dá cuid [Oifigí agus Gníomhaireachtaí](#).

### **Sonraí maidir le Comhaontuithe Seirbhíse/Meabhráin Tuisceana**

Comhaontaíonn an Roinn agus gach Gníomhaireacht agus Oifig, ar bhonn bliantúil, Comhaontú Seirbhíse maidir leis na Gníomhaireachtaí agus Meabhrán Tuisceana maidir leis na hOifigí. Sna Comhaontuithe Seirbhíse agus Meabhráin Tuisceana sin, a shíníonn an tArd-Rúnaí agus Ceann gach Gníomhaireachta/Oifige le chéile, leagtar amach leibhéal feidhmíochta/seirbhíse comhaontaithe maidir leis an gComhlacht don bhliain amach romhainn. Bítear in ann leo freisin spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla a ghlacadh, agus táscairí aschuir agus torthaí a fhorbairt lena n-áirítear clochmhílte chun feidhmíocht a thomhas i gcoinne spriocanna.

### **Cairt Chustaiméirí**

Tá an Roinn tiomanta don chaighdeán is airde de seirbhíse do chustaiméirí a sholáthar trí [Chairt Chustaiméirí](#) agus [Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí](#). Tá Nósanna Imeachta láidre i bhfeidhm againn maidir le [Gearáin ó Chustaiméirí](#) lena chinntiú go ndéantar imscrúdú iomlán ar aon ghearáin a fhaighimid agus go réitítear iad a luaithe is féidir.

### **Cód Chleachtais nó Treoirlínte**

Is é fócas [Creatlach Rialachais na Roinne](#) na nósanna imeachta rialaithe, na próisis agus na nósanna imeachta rialachais a leagann béim ar obair na Roinne a leagan amach.



## **B. Seirbhísí arna soláthar nó le soláthar don Phobal**

### **Na seirbhísí a thairgimid**

**Sonraí de na feidhmeanna agus seirbhísí a sholáthraíonn an eagraíocht agus an próiseas cinnteoireachta**

### ***Faisnéis a bheidh sa Scéim Foiliseacháin***

Is é misean na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta cruthú lánfhostaíochta inbhuanaithe ar ardchaighdeán a spreagadh tríd an bhfiontraíocht a chur chun cinn ar fud an rialtais, tacú le bonn fiontraíochta iomaíoch, timpeallacht íseal chánach a chur chun cinn d'fhonn obair agus fiontraíocht a dhreasú, agus margaí cothroma agus iomaíocha a chur chun cinn. Is féidir na seirbhísí a sholáthraímid a chur i gcatagóirí faoi na hocht réimse téamacha leathana seo a leanas:

- Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt
- Trádáil agus Infheistíocht
- Tacaíocht do FBManna
- Tionscnaimh Ghnó agus Earnála
- Poist, an Áit Oibre agus Scileanna
- AE agus an Margadh Inmheánach
- Dlí Cuideachtaí agus Corparáideach
- Tomhaltóirí agus Iomaíocht

Tá sonraí breise maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear faoi gach réimse téamach leagtha amach thíos

### **Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt**

Déanaimid beartas nuálaíochta, taighde agus forbartha a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chomhordú. Bíonn tionchar againn ar an gclár taighde Eorpach agus idirnáisiúnta ionas go mbeidh taighde agus fiontar in Éirinn in ann leas a bhaint as deiseanna a eascraíonn as cláir taighde. Maoinímid Fiontraíocht Éireann, SFI agus an Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal; Forbraímid beartas maidir le maoin intleachtúil, ullmhaímid reachtaíocht agus cuirimid córas maoin intleachtúil ar fáil a léiríonn an timpeallacht dlí agus dea-chleachtas go hidirnáisiúnta.

### **Trádáil agus Infheistíocht**

Stiúraimid forbairt agus seachadadh chláir forbraíochta fiontraíochta GFT Éireann, an príomhchlár a bhfuil sé de chúram air infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh anseo

agus Éire a chur chun cinn mar an tír bheag is fearr ar domhan chun gnó a dhéanamh inti. Cuirimid forbairt onnmhairí na hÉireann chun cinn ar mhargaí an domhain agus oibrímid le Fiontraíocht Éireann chun cuidiú le Cuideachtaí Éireannacha rathúlacht a bhaint amach ar fud an domhain.

### **Tacaíocht d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna)**

Cuirimid réimse tacaíthe oiriúnacha ar fáil d'fhiontar de gach méid in Éirinn, ar a n-áirítear tacaíocht do ghnólachtaí atá ag ullmhú le haghaidh Brexit. Tógtar san áireamh rochtain ar airgeadas, forbairt bainistíochta, tacaíthe meantóireachta, cláir fhorbartha gnó, tacaíthe margaidh agus promóisean trádála. Bíonn caidreamh struchtúrtha againn le príomhscairshealbhóirí agus tacaímid trasna an Rialtais le cinntiú go dtógtar san áireamh gátair na bhfiontar beaga agus meánmhéide i gcur i gcrích an pholasaí náisiúnta.

### **Tionscnaimh Ghnó agus Earnála**

Oibríonn an Roinn le príomhpháirtithe leasmhara chun aghaidh a thabhairt ar saincheisteanna a thagann chun cinn ar bhonn earnála ar fud gach réimse gníomhaíochta fiontraíochta. Tá na tionscnaimh ghnó agus earnála sin ar fud raon leathan réimsí ag cumhdach earraí agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta chomh maith leis an earnáil intrádála ag baile. Díritear go príomha ar bheartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an timpeallacht fiontraíochta a fheabhsú ionas go mbeifear in ann gnólachtaí iomaíocha a chur ar bun agus a fhás in Éirinn agus ionas go mbeidh forbairt inbhuanaithe ann d'fhiontair is cuma cén méid iad.

### **Poist, an Áit Oibre agus Scileanna**

Cinntimid trí obair ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta go mbíonn áiteanna oibre sábháilte, go mbíonn cearta fostaíochta iomchuí agus go dtugtar urraim dóibh, go gcuirtear caidreamh tionsclaíoch comhchuí chun cinn agus go láimhseáiltear aon agóidí nó sárúithe go héifeachtúil agus go héifeachtach; go ndéantar riachtanais scileanna a aithint agus go gcomhlíontar iad trí sholáthar oideachais agus oiliúna a chur ar aon líne agus, de réir mar is gá, tríd imirce eacnamaíoch spriocdhírthe agus éifeachtúil.

### **AE agus an Margadh Inmheánach**

Tá ról ceannaireachta agus comhordaithe againn maidir le Comhairle Iomaíochais AE agus an Margadh Aonair agus go ginearálta ó thaobh Clár AE na Roinne a stiúradh chun cinn. Oibrímid go réamhghníomhach ar leibhéal institiúideach AE agus lenár gcomhpháirtithe in AE lena chinntiú go gcuirtear bearta tosaíochta AE na Roinne chun cinn. Tacaímid lenár nAirí ina gcuid iarrachtaí torthaí Beartais AE agus intíre a bhaint amach a thacaíonn, go háirithe, le cláir oibre fiontraíochta, iomaíochais, an mhargaidh aonair agus nuálaíochta.

## **Dlí Cuideachtaí agus Corparáideach**

Tugann dlí cuideachtaí an creat reachtach le haghaidh struchtúr agus feidhmiú na gcuideachtaí atá cláraithe in Éirinn, cibé cuideachta intíre nó coigríche. Féachann sé le cothromaíocht a bhaint amach idir réachtáil gnó ó lá go lá a shimpliú; cosaintí riachtanacha a choinneáil dóibh siúd a dhéileálann le cuideachtaí, amhail creidiúnaithe agus infheisteoirí; agus córas rialachais chorparáidigh éifeachtach a chur i bhfeidhm d'fhonn comhlíonadh a chinntiú. Tá an dlí sin le fáil in [Acht na gCuideachtaí 2014](#) agus in ionstraimí reachtúla gaolmhara. Eascaíonn roinnt dlí cuideachtaí ó reachtaíocht AE. Tá feidhm ag córas den chineál céanna i dtaca le cumainn thionsclaíocha agus choigiltis agus cara-chumainn.

## **Tomhaltóirí agus Iomaíocht**

Ionas go mbeidh margáí in ann oibriú go héifeachtach do thomhaltóirí agus don gheilleagar trí chéile, tá ár gcuid oibre roinnte faoi dhá phríomhcheannteideal: beartas náisiúnta agus beartas AE maidir le cúrsaí iomaíochta reatha agus cúrsaí tomhaltóirí; agus tacú chomh maith le cainteanna le agus monatóireacht ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus um Chosaint Tomhaltóirí.

### **C. An próiseas cinnteoireachta le haghaidh mórtoghraí beartais**

#### **Sonraí de na feidhmeanna agus seirbhísí a sholáthraíonn an eagraíocht agus an próiseas cinnteoireachta Mórtoghraí beartais lena n-áirítear aon chleachtaí comhairliúcháin phoiblí**

##### ***Faisnéis a bheidh sa Scéim Foilseacháin***

Is mór ag an Roinn aiseolas óna cuid páirtithe leasmhara. Dá réir sin, nuair a bhíonn mórtoghraí beartais á gceapadh aici, foilsíonn an Roinn gairmeacha ar a suíomh gréasáin le haghaidh léirithe spéise agus iarratas ar rannpháirtíocht i [bpróisis chomhairliúcháin](#) maidir le hobair shonrach arna gabháil ar láimh ag an Roinn.

##### **Faisnéis chúlra a bhaineann le mórtoghraí beartais agus cinntí**

Gabhann an Roinn do [roinnt suirbhéanna fiontraíochta, nuálaíochta agus eolaíochta](#) agus foilsíonn sí sonraí go rialta maidir lena cuid gníomhaíochtaí féin agus ar fheidhmiú trádála agus fiontraíochta na hÉireann. Ina theannta sin, tá tuarascálacha, páipéir, meastóireachtaí ar chlár agus fíricí agus anailísí a chuirtear ar fáil i gcomhair breithnithe, atá ábhartha agus tábhachtach chun mórtoghraí agus cinntí beartais a mhúnlú, ar fáil ar an rannán [Foilseacháin](#) de shuíomh gréasáin na Roinne.

##### **Próiseas Cinnteoireachta Roinne – Ról Bhord Bainistíochta na Roinne**

I gcomhthéacs na físe agus an mhisin atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne, is comhlacht coláisteach é Bord Bainistíochta na Roinne a bunaíodh chun a chinntiú go ndéantar an Roinn a bhainistiú mar aonán corparáideach, agus go nglactar cinntí maidir le príomhcheisteanna beartais, straitéiseacha agus bainistíochta ar bhonn comhchoiteann sula gcuirtear isteach iad, de réir mar is cúí, lena mbreithniú ar leibhéal polaitiúil nó lena gcur i bhfeidhm ar shlí eile.

## **D Faisnéis Airgeadais**

### **Cad a chaithimid**

#### **Faisnéis airgeadais a bhaineann le hioncam agus le caiteachas**

##### ***Faisnéis a bheidh sa Scéim Foiliseacháin***

#### **Ráitis airgeadais**

Tugann Tithe an Oireachtais [maoiniú Státchiste](#) don Roinn, dá hOifigí agus dá Gníomhaireachtaí tríd an bpróiseas buiséid bhliantúil arna bhainistiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an soláthar maoinithe dírithe ar gheilleagar na hÉireann a fhás trí phoist inbhuanaithe ar ardchaighdeán a choinneáil agus a fhorbairt. Tá príomhról ag an Roinn freisin ó thaobh margáí a rialú, iomaíocht chothrom a chinntiú agus inniúlacht caidreamh saothair atá éifeachtach agus éifeachtúil a choinneáil. Baineann gné lárnach de mhaoiniú na Roinne le deontais infheistíochta caipitil chun tacú le forbairt leanúnach inniúlacht fhiontraíochta, taighde agus nuálaíochta na hÉireann.

#### **Faisnéis maidir le Pleananna le haghaidh Mórchaiteachas Caipitiúil**

Foilsítear [doiciméid faisnéise](#) go rialta do chomhaltaí Chomhchoiste an Oireachtais ar Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Tugann na doiciméid sin athbhreithniú cuimsitheach bliana ar an gcaiteachas a tabhaíodh ó leithdháileadh airgeadais bliantúil na Roinne, lena n-áirítear pleananna i gcomhair mórchaiteachais chaipitiúil.

#### **Íocaíochtaí nó Orduithe Ceannaigh ar earraí agus seirbhísí**

Déantar sonraí maidir le híocaíochtaí a dhéantar le haghaidh earraí agus seirbhísí dar luach €20,000 nó níos mó a fhoilsiú go ráithiúil i riaráistí ar an [rannán soláthair](#) ar shuíomh gréasáin na Roinne

#### **Luach saothair Chomhaltaí an Bhoird Rialachais**

Ní fhaigheann comhaltaí Bhord Bainistíochta na Roinne aon luach saothair breise maidir leis an ról sin. Tugtar luach saothair ar leithligh dóibh ina gcáil mar fhostaithe na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ní fhaigheann fostaithe na Roinne atá ar fónamh mar chomhaltaí Boird Comhlachtaí Stáit aon luach saothair maidir leis na ceapacháin sin. Tá sé sin amhlaidh i ngeall ar chur i bhfeidhm na Rialach maidir le Aon Tuarastal Amháin a chiallaíonn nach bhfaigheann daoine a fhaigheann tuarastal nó pinsean ón eanáil phoiblí aon luach saothair breise maidir lena gceapachán ar Bhord Stáit.

Is féidir sonraí maidir le comhdhéanamh bhoird gach ceann dár nGníomhaireachtaí a fháil ag [Ballraíocht ar Bhoird Stáit - An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta](#).

Eisíodh [treoirínte ina gcuimsítear íocaíocht táillí le Cathaoirligh agus le Stiúrthóirí/Comhaltaí Comhlachtaí Stáit](#) i 2014. Is ábhar oibríochta ó lá go lá do gach Gníomhaireacht costais na gcomhaltaí Boird a íoc. Sa Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsíonn gach ceann dár gcuid Gníomhaireachtaí tá sceideal de na táillí agus costais chomhiomlána a íocadh le gach Stiúrthóir/Comhalta; féach [www.dbei.ie/ga/Ce-muid-fein/Ar-nOifigi-agus-Gniomhaireachtaí/](http://www.dbei.ie/ga/Ce-muid-fein/Ar-nOifigi-agus-Gniomhaireachtaí/) chun tuilleadh sonraí a fháil.

## **E. Soláthar**

### **Conas a chaithimid**

#### **Faisnéis a bhaineann le conas a sholáthraímid earraí agus seirbhísí**

##### ***Faisnéis a bheidh sa Scéim Foiliseacháin***

### **Comórtais tairisceana reatha ar shuíomh gréasáin e Tenders**

Tá sonraí maidir leis na comórtais tairisceana reatha os cionn €10,000 i gcomhair TFC agus €25,000 i gcomhair gach comórtas eile ar fáil ar [www.etenders.gov.ie](http://www.etenders.gov.ie).

Foilsítear sonraí ráthaíochta ar íocaíochtaí a dhéantar ar earraí agus ar sheirbhísí a luacháil ag € 20,000 nó níos mó i riaráiste ar [an roinn soláthair](#) ar láithreán gréasáin na Roinne.

## **F Loga maidir le Nochtadh um Shaoráil Faisnéise agus Faisnéis eile a Fhoilseofar go rialta**

### ***Faisnéis a bheidh sa Scéim Foiliseacháin***

#### **Loga Nochtaí FOI**

I gcomhréir le hAlt 8 den Acht FOI (Foilsíú Faisnéise maidir le comhlachtaí FOI), iarrtar ar an Roinn seo a loga maidir le nochtadh FOI a fhoilsíú ar a suíomh gréasáin. Sa loga nochtaí seo beidh sonraí maidir le hiarratais FOI áirithe nach mbaineann le hiarratais ar fhaisnéis phearsanta amhail dáta an iarratais, catagóir an iarratasóra (e.g. iriseoir, ball den phobal, ball de ghrúpa gnó/leasa, comhalta den Oireachtas, comhalta d'Údarás Áitiúil, etc.), tuairisc achomair ar an iarratas FOI, an cinneadh a rinneadh agus, i gcás ina mbronntar an t-iarratas, an dáta ar heisíodh na taifid. Dá réir sin, nuair a bheidh iarratais FOI á n-admháil, cuirtear an t-iarratasóir ar an eolas maidir leis an mbeartas sin. Foilseofar sonraí maidir leis na hiarratais FOI a fuarthas ó Aibreán 2016 ar aghaidh, de réir mar is cuí i [loga nochtaí FOI](#) na Roinne ar a suíomh gréasáin.

**Faisnéis atá i seilbh an chomhlachta a lorgáitear go rialta**

Foilsítear sonraí maidir le [Costais Airí](#) a thabhaítear ar bhonn míosúil. [Foilsítear Dialanna na n-Airí](#) ar an suíomh gréasáin chomh maith.